II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2022/1403 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Lúnasa 2022

lena gceartaítear leaganacha teanga áirithe d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha maidir le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos rialacha maidir le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú ([1]), agus go háirithe an chéad mhír d'Airteagal 23 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá earráidí sa leagan Bulgáirise, sa leagan Gaeilge, sa leagan Gearmáinise agus sa leagan Seicise de Rialachán (CE) Uimh. 999/2001. I gCaibidil V, Roinn G d'Iarscríbhinn IV, i bpointe 1 sa leagan Gearmáinise agus sa leagan Seicise, agus i bpointe 2 sa leagan Bulgáirise agus sa leagan Gaeilge, tá earráid ann a athraíonn ciall na bhforálacha sin.

(2) Dá bhrí sin ba cheart an leagan Bulgáirise, an leagan Gaeilge, an leagan Gearmáinise agus an leagan Seicise a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile.

(3) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceartaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 mar a leanas:

(1) *(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)*;

(2) i gCaibidil V, Roinn G, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2:

"2. Beidh na focail seo a leanas le feiceáil go soiléir ar lipéad na beatha cumaisc ina bhfuil próitéin ainmhíoch phróiseáilte a dhíorthaítear ó fheithidí saothraithe, muc-ainmhithe nó éanlaith chlóis: 'Próitéin ainmhíoch phróiseáilte a dhíorthaítear ó (luaitear na hainmhithe feirmshaothraithe ábhartha a liostaítear sa chéad cholún de Thábla 1, na hainmhithe ónar díorthaíodh an phróitéin ainmhíoch phróiseáilte) — ná beathaítear ainmhithe feirmshaothraithe léi cé is moite de (luaitear na hainmhithe feirmshaothraithe ábhartha a liostaítear sa dara colún de Thábla 1, na hainmhithe a bhféadfar iad a bheathú leis an bpróitéin ainmhíoch phróiseáilte)';".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 147, 31.5.2001, lch. 1.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Lúnasa 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN